Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10980 - TOKYU / MARUBENI / ORIX / FUJITSU / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 450/10)

1. An 18 Samhain 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Tokyu corporation ("Tokyu", an tSeapáin),

— Fujitsu Limited ("Fujitsu", an tSeapáin),

— Marubeni Corporation ("Marubeni", an tSeapáin),

— Orix Corporation ('Orix, an tSeapáin).

Gheobhaidh Tokyu, Marubeni, Orix agus Fujitsu rialú comhpháirteach ar an gcomhfhiontar ("JV") de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta ilnáisiúnta Seapánach é Tokyu. Is é rud is príomhghníomhaíocht dó oibriú iarnród i Mórcheantar Thóiceo. Téann sé i mbun forbairt uirbeach freisin agus oibríonn sé gnólacht óstán agus ionad saoire,

— is soláthraí ilnáisiúnta Seapánach trealamh agus seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide é Fujitsu,

— is cuideachta trádála agus infheistíochta é Marubeni agus gníomhaíochtaí gnó éagsúla aige i réimsí fairsinge,

— is grúpa seirbhísí airgeadais é ORIX a sholáthraíonn seirbhísí léasaithe. Thairis sin, oibríonn ORIX gnólachtaí iasachta, infheistíochta, árachais saoil, baincéireachta, bainistíochta sócmhainní, agus maoine réadaí, agus gnólachtaí a bhaineann le gluaisteáin agus leis an gcomhshaol agus an bhfuinneamh.

3. Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó an JV nua: athfhorbairt a dhéanamh ar Todoroki Ryokuchi, páirc in Kawasaki na Seapáine ina bhfuil gairdíní poiblí, músaem, agus coimpléasc spóirt.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

5. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

6. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10980 - TOKYU / MARUBENI / ORIX / FUJITSU / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË